## II. DEARBHUITHE ARNA nGLACADH AG NA LÁNCHUMHACHTAIGH

Fairis sin, tá na Dearbhuithe atá liostaithe thíos, i gceangal leis an Ionstraim Chríochnaitheach, glactha ag na Lánchumhachtaigh

1. Dearbhú Comhpháirteach: Eoraip amháin

2. Dearbhú comhpháirteach maidir le Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach

## 1. DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH: EORAIP AMHÁIN

Is iontach an nóiméad é an lá inniu don Eoraip. Táimid tar éis caibidlíocht ar an aontachas a thabhairt i gcrích inniu idir an tAontas Eorpach agus an Chipir, Poblacht na Seice, an Eastóin, an Ungáir, an Laitvia, an Liotuáin, Málta, an Pholainn, an tSlóvaic agus an tSlóivéin. Fearfar fáilte roimh 75 milliún duine mar shaoránaigh nua den Aontas Eorpach.

Dearbhaímid, na Ballstáit reatha agus na Ballstáit aontacha, ár lántacaíocht do phróiseas leanúnach, uilechuimsitheach, do-athraithe an mhéadaithe. Leanfaidh an chaibidlíocht aontachais leis an mBulgáir agus leis an Rómáin ar bhonn na bprionsabal céanna a threoraigh an chaibidlíocht go dtí seo. Ní chaithfear amhras ar na torthaí atá curtha i gcrích cheana sa chaibidlíocht sin. I bhfianaise tuilleadh dul chun cinn maidir le critéir na ballraíochta a chomhlíonadh, is é an cuspóir an Bhulgáir agus an Rómáin a fháiltiú mar bhallstáit nua den Aontas Eorpach i 2007. Fearaimid fáilte freisin roimh na cinntí tábhachtacha arna nglacadh inniu maidir leis an gcéad chéim eile d'iarrthóireacht na Tuirce do bhallraíocht san Aontas Eorpach.

Is é ár gcomhthoilmhian ilchríoch an daonlathais, na saoirse, na síochána agus an dul chun cinn a dhéanamh den Eoraip.  Beidh sé de rún daingean i gcónaí ag an Aontas línte deighilte nua a sheachaint san Eoraip agus an chobhsaíocht agus an rathúnas a chur ar aghaidh laistigh de theorainneacha nua na hEorpa agus taobh thall díobh. Táimid ag tnúth le bheith ag obair as lámha a chéile sa chomhiarracht s'againne chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

Is é is aidhm dúinn Eoraip Amháin.

| | | |
|---|---|---|
| An Bheilg | Poblacht na Seice | An Danmhairg |
| An Ghearmáin | An Eastóin | An Ghréig |
| An Spáinn | An Fhrainc | Éire |
| An Iodáil | An Chipir | An Laitvia |
| An Liotuáin | Lucsamburg | An Ungáir |
| Málta | An Ísiltír | An Ostair |
| An Pholainn | An Phortaingéil | An tSlóivéin |
| An tSlóvaic | An Fhionlainn | An tSualainn |
| An Ríocht Aontaithe | | |

## 2. DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH MAIDIR LE CÚIRT BHREITHIÚNAIS NA gCOMHPHOBAL EORPACH

Má iarrann an Chúirt Bhreithiúnais é, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil, líon na nAbhcóidí Ginearálta a mhéadú i gcomhréir le hAirteagal 222 de Chonradh CE agus le hAirteagal 138 de Chonradh CEFA. Ina mhalairt de chás, déanfar na Ballstáit nua a lánpháirtiú sa chóras atá ann chun iad a cheapadh.

## III. DEARBHUITHE EILE

Thug na Lánchumhachtaigh dá n-aire freisin na Dearbhuithe seo a leanas a rinneadh agus atá i gceangal leis an Ionstraim Chríochnaitheach seo:

A. Dearbhuithe Comhpháirteacha: na Ballstáit láithreacha/an Eastóin

3. Dearbhú comhpháirteach maidir le béir odhra a fhiach san Eastóin

B. Dearbhuithe Comhpháirteacha: Roinnt de na Ballstáit láithreacha/ roinnt de na Ballstáit nua

4. Dearbhú Comhpháirteach ó Phoblacht na Seice agus ó Phoblacht na hOstaire maidir lena gcomhaontú déthaobhach a bhaineann leis an ngléasra cumhachta núicléiche in Temelin

C. Dearbhuithe Comhpháirteacha ó na Ballstáit Láithreacha

5. Dearbhú maidir le forbairt na tuaithe

6. Dearbhú maidir le saorghluaiseacht oibrithe: Poblacht na Seice

7. Dearbhú maidir le saorghluaiseacht oibrithe: an Eastóin

8. Dearbhú maidir le sceall ola, leis an margadh inmheánach leictreachais agus le Treoir 96/92/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Nollaig 1996 maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa leictreachas (Treoir Leictreachais): an Eastóin

9. Dearbhú maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta na hEastóine agus na Liotuáine i gcrios Svalbard

10. Dearbhú maidir le saorghluaiseacht oibrithe: an Laitvia

11. Dearbhú maidir le saorghluaiseacht oibrithe: an Liotuáin

12. Dearbhú maidir le hidirthuras daoine de thalamh idir réigiún Kaliningrad agus codanna eile de Chónaidhm na Rúise

13. Dearbhú maidir le saorghluaiseacht oibrithe: an Ungáir

14. Dearbhú maidir le saorghluaiseacht oibrithe: Málta

15. Dearbhú maidir le saorghluaiseacht oibrithe: an Pholainn

16. Dearbhú maidir le saorghluaiseacht oibrithe: an tSlóivéin

17. Dearbhú maidir leis an ngréasán traseorpach a fhorbairt sa tSlóivéin

18. Dearbhú maidir le saorghluaiseacht oibrithe: an tSlóvaic

D. Dearbhuithe Comhpháirteacha ó roinnt de na Ballstáit Láithreacha

19. Dearbhú Comhpháirteach ó Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus ó Phoblacht na hOstaire maidir le saorghluaiseacht oibrithe: Poblacht na Seice, an Eastóin, an Ungáir, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn, an tSlóivéin agus an tSlóvaic

20. Dearbhú Comhpháirteach ó Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus ó Phoblacht na hOstaire maidir le faireachán a dhéanamh ar an tsábháilteacht núicléach

E. Dearbhú Comhpháirteach Ginearálta ó na Ballstáit Láithreacha

21. Dearbhú Comhpháirteach Ginearálta

F. Dearbhuithe Comhpháirteacha ó roinnt de na Ballstáit nua

22. Dearbhú Comhpháirteach ó Phoblacht na Seice, ó Phoblacht na hEastóine, ó Phoblacht na Liotuáine, ó Phoblacht na Polainne, ó Phoblacht na Slóivéine agus ó Phoblacht na Slóvaice maidir le hAirteagal 38 den Ionstraim Aontachais

23. Dearbhú Comhpháirteach ó Phoblacht na hUngáire agus ó Phoblacht na Slóivéine maidir le hIarscríbhinn X, Caibidil 7, pointe 1(a)(ii), agus Iarscríbhinn XIII, Caibidil 6, pointe 1(a)(i), a ghabhann leis an Ionstraim Aontachais

G. Dearbhuithe ó Phoblacht na Seice

24. Dearbhú ó Phoblacht na Seice maidir le beartas iompair

25. Dearbhú ó Phoblacht na Seice maidir le hoibrithe

26. Dearbhú ó Phoblacht na Seice maidir le hAirteagal 35 de Chonradh AE

H. Dearbhuithe ó Phoblacht na hEastóine

27. Dearbhú ó Phoblacht na hEastóine maidir le cruach

28. Dearbhú ó Phoblacht na hEastóine maidir le hiascach

29. Dearbhú ó Phoblacht na hEastóine maidir le Coimisiún Iascaigh an Atlantaigh Thoir-Thuaidh (CIATT)

30. Dearbhú ó Phoblacht na hEastóine maidir le sábháilteacht bia

I. Dearbhuithe ó Phoblacht na Laitvia

31. Dearbhú ó Phoblacht na Laitvia maidir le vótaí a ualú sa Chomhairle

32. Dearbhú ó Phoblacht na Laitvia maidir le hiascach

33. Dearbhú ó Phoblacht na Laitvia maidir le hAirteagal 142a de Rialachán (CE) Uimh. 40/94 ón gComhairle an 20 Nollaig 1993 maidir leis an trádmharc Comhphobail

J. Dearbhú ó Phoblacht na Liotuáine

34. Dearbhú ó Phoblacht na Liotuáine maidir le gníomhaíochtaí iascaigh na Liotuáine i limistéar rialaitheach Choimisiún Iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh (NEAFC)

K. Dearbhuithe ó Phoblacht Mhálta

35. Dearbhú ó Phoblacht Mhálta maidir leis an neodracht

36. Dearbhú ó Phoblacht Mhálta maidir le réigiún oileáin Gozo

37. Dearbhú ó Phoblacht Mhálta maidir le rátáil nialais CBL a choimeád ar bun

L. Dearbhuithe ó Phoblacht na Polainne

38. Dearbhú ó Phoblacht na Polainne maidir le hiomaíochas i dtáirgeadh torthaí áirithe sa Pholainn

39. Dearbhú ó Rialtas Phoblacht na Polainne maidir leis an moráltacht phoiblí

40. Dearbhú ó Rialtas Phoblacht na Polainne maidir le léiriú ar an maolú ó na ceanglais atá leagtha síos i dTreoir 2001/82/CE agus i dTreoir 2001/83/CE

M. Dearbhuithe ó Phoblacht na Slóivéine

41. Dearbhú ó Phoblacht na Slóivéine maidir le roinnt réigiúnach thodhchaí Phoblacht na Slóivéine

42. Dearbhú ó Phoblacht na Slóivéine maidir le beach dhúchasach na Slóivéine *Apis mellifera Carnica* (kranjska čebela)

N. Dearbhuithe ó Choimisiún na gComhphobal Eorpach

43. Dearbhú ó Choimisiún na gComhphobal Eorpach maidir leis an gclásal um choimirce eacnamaíoch ghinearálta, leis an gclásal um choimirce i dtaca leis an margadh inmheánach agus leis an gclásal um choimirce i dtaca leis an gceartas agus gnóthaí baile

44. Dearbhú ó Choimisiún na gComhphobal Eorpach maidir le conclúidí na Comhdhála Aontachais leis an Laitvia

A. DEARBHUITHE COMHPHÁIRTEACHA: NA BALLSTÁIT LÁITHREACHA/ AN EASTÓIN

3. DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH
MAIDIR LE BÉIR ODHRA A FHIACH SAN EASTÓIN

Maidir le béir odhra, comhlíonfaidh an Eastóin go hiomlán ceanglais Threoir 92/43/CEE maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáin a chaomhnú (Treoir um Ghnáthóga). Amhail ón aontachas ar a dhéanaí, bunóidh an Eastóin córas um dhianchosaint a chomhlíonann Airteagal 12 den Treoir a dúradh.

Bíodh is nach bhféadfaí fiach ginearálta a dhéanamh ar bhéir odhra a cheadú, tugann an Chomhdháil dá haire go bhféadfaidh an Eastóin faoi Airteagal 16(1) den Treoir um Ghnáthóga fiach a dhéanamh ar bhéir odhra a cheadú in imthosca sonraithe agus faoi réir na nósanna imeachta atá leagtha síos in Airteagal 16(2) agus (3).

## B. DEARBHUITHE COMHPHÁIRTEACHA: ROINNT DE NA BALLSTÁIT LÁITHREACHA/ROINNT DE NA BALLSTÁIT NUA

### 4. DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH Ó PHOBLACHT NA SEICE AGUS Ó PHOBLACHT NA hOSTAIRE MAIDIR LENA gCOMHAONTÚ DÉTHAOBHACH A BHAINEANN LEIS AN nGLÉASRA CUMHACHTA NÚICLÉICHE IN TEMELIN

Déanfaidh Poblacht na Seice agus Poblacht na hOstaire a gcuid oibleagáidí déthaobhacha faoi "Conclúidí an Phróisis Melk agus na torthaí a leanann uathu" an 29 Samhain 2001 arna nglacadh go frithpháirteach a chomhall.

## C. DEARBHUITHE COMHPHÁIRTEACHA Ó NA BALLSTÁIT LÁITHREACHA

### 5. DEARBHÚ MAIDIR LE FORBAIRT NA TUAITHE

I dtaca leis an mbeartas forbartha tuaithe do na Ballstáit nua faoin ionstraim shealadach um fhorbairt na tuaithe arna maoiniú ag Roinn Ráthaíochta CETRT, tugann an tAontas dá aire gur féidir le gach ceann de na Ballstáit nua bheith ag súil leis na cionrannta tosaigh seo a leanas:

| Cionroinnt tosaigh (EUR milliúin) | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| | 2004 | 2005 | 2006 | 2004-2006 |
| Poblacht na Seice | 147,9 | 161,6 | 172,0 | 481,5 |
| An Eastóin | 41,0 | 44,8 | 47,7 | 133,5 |
| An Chipir | 20,3 | 22,2 | 23,9 | 66,4 |
| An Laitvia | 89,4 | 97,7 | 103,9 | 291,0 |
| An Liotuáin | 133,4 | 145,7 | 155,1 | 434,2 |
| An Ungáir | 164,2 | 179,4 | 190,8 | 534,4 |
| Málta | 7,3 | 8,0 | 8,5 | 23,8 |
| An Pholainn | 781,2 | 853,6 | 908,2 | 2 543,0 |
| An tSlóivéin | 76,7 | 83,9 | 89,2 | 249,8 |
| An tSlóvaic | 108,2 | 118,3 | 125,8 | 352,3 |
| | | | | |
| Iomlán | 1 570,0 | 1 715,0 | 1 825,0 | 5 110,0 |

## 6. DEARBHÚ
## MAIDIR LE SAORGHLUAISEACHT OIBRITHE: POBLACHT NA SEICE

Cuireann an AE an bhéim ar eilimintí láidre na difreála agus na solúbthachta sna socruithe maidir le saorghluaiseacht oibrithe. Déanfaidh na Ballstáit a ndícheall rochtain mhéadaithe ar mhargadh an tsaothair a dheonú do náisiúnaigh Sheiceacha faoin dlí náisiúnta d'fhonn an comhfhogasú don acquis a bhrostú. Dá thoradh sin, ba chóir go dtiocfadh feabhas substaintiúil ar na deiseanna fostaíochta san AE do náisiúnaigh Sheiceacha amhail ó aontachas Phoblacht na Seice. Ina theannta sin, bainfidh Ballstáit AE leas iomlán as an socrú arna bheartú chun gluaiseacht a luaithe is féidir go dtí lánchur i bhfeidhm an acquis maidir le saorghluaiseacht oibrithe.

## 7. DEARBHÚ
## MAIDIR LE SAORGHLUAISEACHT OIBRITHE: AN EASTÓIN

Cuireann an AE an bhéim ar eilimintí láidre na difreála agus na solúbthachta sna socruithe maidir le saorghluaiseacht oibrithe. Déanfaidh na Ballstáit a ndícheall rochtain mhéadaithe ar mhargadh an tsaothair a dheonú do náisiúnaigh Eastónacha faoin dlí náisiúnta d'fhonn an comhfhogasú don acquis a bhrostú. Dá thoradh sin, ba chóir go dtiocfadh feabhas substaintiúil ar na deiseanna fostaíochta san AE do náisiúnaigh Eastónacha amhail ó aontachas na hEastóine. Ina theannta sin, bainfidh Ballstáit AE leas iomlán as an socrú arna bheartú chun gluaiseacht a luaithe is féidir go dtí lánchur i bhfeidhm an acquis maidir le saorghluaiseacht oibrithe.

## 8. DEARBHÚ MAIDIR LE SCEALL OLA, LEIS AN MARGADH INMHEÁNACH LEICTREACHAIS AGUS LE TREOIR 96/92/CE Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE AN 19 NOLLAIG 1996 MAIDIR LE COMHRIALACHA DON MHARGADH INMHEÁNACH SA LEICTREACHAS (TREOIR LEICTREACHAIS): AN EASTÓIN

Déanfaidh an tAontas faireachán géar ar chomhlíonadh a gealltanas ag an Eastóin go háirithe i dtaca le hullmhúchán breise don mhargadh inmheánach fuinnimh (earnáil an scealla ola a athstruchtúrú, earnáil an leictreachais a athstruchtúrú, reachtaíocht, Cigireacht an Mhargaidh Fuinnimh a neartú etc).

Tarraingíonn an tAontas aird na hEastóine ar chonclúidí na gComhairlí Eorpacha i Liospóin agus in Barcelona a bhaineann le hoscailt na margaí a luathú in earnálacha an leictreachais agus an gháis – i measc earnálacha eile – d'fhonn margadh inmheánach lánoibríochtúil sna réimsí sin a bhaint amach, agus tugann sé dá aire na ráitis a rinne an Eastóin níos túisce ina leith seo ar an 27 Bealtaine 2002 i gcomhthéacs na gcaibidlí aontachais. D'ainneoin an ghá le margadh inmheánach lánoibríochtúil leictreachais a chur chun feidhme go luath, tugann an tAontas dá aire go bhforchoimeádann an Eastóin a seasamh maidir le forbairtí ar an reachtaíocht sa réimse seo sa todhchaí. Aithníonn an tAontas i ndáil leis seo an staid shonrach i dtaca leis an earnáil scealla ola a athstruchtúrú, ní a éileoidh iarracht faoi leith go dtí deireadh 2012 agus an gá le margadh leictreachais na hEastóine a oscailt de réir a chéile do chustaiméirí neamhthís go dtí an dáta sin.

Tugann an tAontas dá aire go bhféadfar, d'fhonn saobhadh féideartha iomaíochta sa mhargadh inmheánach leictreachais a theorannú, nach foláir sásraí coimirce, ar nós an chlásail chómhalartachta i dTreoir 96/92/CE, a chur i bhfeidhm.

Déanfaidh an Coimisiún faireachán géar ar fhorbairt tháirgeadh an leictreachais agus ar na hathruithe a d'fhéadfadh teacht ar ar margadh leictreachais san Eastóin agus sna tíortha comharsanacha.

Gan dochar don mhéid sin thuas, féadfaidh aon Bhallstát, amhail ó 2009, a iarraidh ar an gCoimisiún forbairt na margaí leictreachais i limistéar Mhuir Bhailt a mheasúnú. Ar bhonn na measúnachta sin, agus lánaird á tabhairt ar chineál uathúil an scealla ola agus ar na dálaí sóisialta agus eacnamaíocha a bhaineann le scealla ola a bhaint, a tháirgeadh agus a thomhailt san Eastóin, agus cuspóirí an Chomhphobail i dtaca leis an margadh leictreachais á gcur san áireamh, cuirfidh an Coimisiún tuairisc maille le moltaí iomchuí chuig an gComhairle.

## 9. DEARBHÚ MAIDIR LE GNÍOMHAÍOCHTAÍ IASCAIREACHTA NA hEASTÓINE AGUS NA LIOTUÁINE I gCRIOS SVALBARD

Cuireann an Comhphobal Eorpach de cheangaltas air féin bainistíocht fhónta a choimeád ar bun arna bunú ar chaomhnú inbhuanaithe agus úsáid bharrmhaith na stoc éisc mórthimpeall ar Svalbard agus dearbhaíonn sé a fhonnmhaireacht leanúint den chóras láithreach bainistíochta atá á chur i bhfeidhm ag an gComhphobal Eorpach agus ag an Eastóin agus ag an Liotuáin.

## 10. DEARBHÚ MAIDIR LE SAORGHLUAISEACHT OIBRITHE: AN LAITVIA

Cuireann an AE an bhéim ar eilimintí láidre na difreála agus na solúbthachta sna socruithe maidir le saorghluaiseacht oibrithe. Déanfaidh na Ballstáit a ndícheall rochtain mhéadaithe ar mhargadh an tsaothair a dheonú do náisiúnaigh Laitviacha faoin dlí náisiúnta d'fhonn an comhfhogasú don acquis a bhrostú. Dá thoradh sin, ba chóir go dtiocfadh feabhas substaintiúil ar na deiseanna fostaíochta san AE do náisiúnaigh Laitviacha amhail ó aontachas na Laitvia. Ina theannta sin, bainfidh Ballstáit AE leas iomlán as an socrú arna bheartú chun gluaiseacht a luaithe is féidir go dtí lánchur i bhfeidhm an acquis maidir le saorghluaiseacht oibrithe.

## 11. DEARBHÚ
## MAIDIR LE SAORGHLUAISEACHT OIBRITHE: AN LIOTUÁIN

Cuireann an AE an bhéim ar eilimintí láidre na difreála agus na solúbthachta sna socruithe maidir le saorghluaiseacht oibrithe. Déanfaidh na Ballstáit a ndícheall rochtain mhéadaithe ar mhargadh an tsaothair a dheonú do náisiúnaigh Liotuánacha faoin dlí náisiúnta d'fhonn an comhfhogasú don acquis a bhrostú. Dá thoradh sin, ba chóir go dtiocfadh feabhas substaintiúil ar na deiseanna fostaíochta san AE do náisiúnaigh Liotuánacha amhail ó aontachas na Liotuáine. Ina theannta sin, bainfidh Ballstáit AE leas iomlán as an socrú arna bheartú chun gluaiseacht a luaithe is féidir go dtí lánchur i bhfeidhm an acquis maidir le saorghluaiseacht oibrithe.

## 12. DEARBHÚ
## MAIDIR LE hIDIRTHURAS DAOINE DE THALAMH
## IDIR RÉIGIÚN KALININGRAD
## AGUS CODANNA EILE DE CHÓNAIDHM NA RÚISE

Cuideoidh an Comhphobal leis an Liotuáin chun na coinníollacha don rannpháirteachas iomlán in acquis Schengen a chomhall a luaithe is féidir chun a áirithiú go n-áireofar an Liotuáin ar an gcéad ghrúpa de na Ballstáit nua a bheidh rannpháirteach go hiomlán in acquis Schengen. Braithfidh an rannpháirteachas iomlán ar mheasúnú oibiachtúil á rá go bhfuil na coinníollacha uile is gá comhallta de réir acquis Schengen.

## 13. DEARBHÚ

## MAIDIR LE SAORGHLUAISEACHT OIBRITHE: AN UNGÁIR

Cuireann an AE an bhéim ar eilimintí láidre na difreála agus na solúbthachta sna socruithe maidir le saorghluaiseacht oibrithe. Déanfaidh na Ballstáit a ndícheall rochtain mhéadaithe ar mhargadh an tsaothair a dheonú do náisiúnaigh Ungáracha faoin dlí náisiúnta d'fhonn an comhfhogasú don acquis a bhrostú. Dá thoradh sin, ba chóir go dtiocfadh feabhas substaintiúil ar na deiseanna fostaíochta san AE do náisiúnaigh Ungáracha amhail ó aontachas na hUngáire. Ina theannta sin, bainfidh Ballstáit AE leas iomlán as an socrú arna bheartú chun gluaiseacht a luaithe is féidir go dtí lánchur i bhfeidhm an acquis maidir le saorghluaiseacht oibrithe.

## 14. DEARBHÚ

## MAIDIR LE SAORGHLUAISEACHT OIBRITHE: MÁLTA

Más amhlaidh, de dheasca aontachas Mhálta, go dtagann deacrachtaí chun cinn a bhaineann le saorghluaiseacht oibrithe, féadfar an t-ábhar a chur faoi bhráid institiúidí an Aontais d'fhonn réiteach don fhadhb a fháil. Beidh an réiteach sin i gcomhréir go dian le forálacha na gConarthaí (lena n-áirítear forálacha an Chonartha ar an Aontas Eorpach) agus leis na forálacha arna nglacadh agus iad á gcur i bhfeidhm, go háirithe na forálacha a bhaineann le saorghluaiseacht oibrithe.

## 15. DEARBHÚ
## MAIDIR LE SAORGHLUAISEACHT OIBRITHE: AN PHOLAINN

Cuireann an AE an bhéim ar eilimintí láidre na difreála agus na solúbthachta sna socruithe maidir le saorghluaiseacht oibrithe. Déanfaidh na Ballstáit a ndícheall rochtain mhéadaithe ar mhargadh an tsaothair a dheonú do náisiúnaigh Pholannacha faoin dlí náisiúnta d'fhonn an comhfhogasú don acquis a bhrostú. Dá thoradh sin, ba chóir go dtiocfadh feabhas substaintiúil ar na deiseanna fostaíochta san AE do náisiúnaigh Pholannacha amhail ó aontachas na Polainne. Ina theannta sin, bainfidh Ballstáit AE leas iomlán as an socrú arna bheartú chun gluaiseacht a luaithe is féidir go dtí lánchur i bhfeidhm an acquis maidir le saorghluaiseacht oibrithe.

## 16. DEARBHÚ
## MAIDIR LE SAORGHLUAISEACHT OIBRITHE: AN tSLÓIVÉIN

Cuireann an AE an bhéim ar eilimintí láidre na difreála agus na solúbthachta sna socruithe maidir le saorghluaiseacht oibrithe. Déanfaidh na Ballstáit a ndícheall rochtain mhéadaithe ar mhargadh an tsaothair a dheonú do náisiúnaigh Shlóivéanacha faoin dlí náisiúnta d'fhonn an comhfhogasú don acquis a bhrostú. Dá thoradh sin, ba chóir go dtiocfadh feabhas substaintiúil ar na deiseanna fostaíochta san AE do náisiúnaigh Shlóivéanacha amhail ó aontachas na Slóivéine. Ina theannta sin, bainfidh Ballstáit AE leas iomlán as an socrú arna bheartú chun gluaiseacht a luaithe is féidir go dtí lánchur i bhfeidhm an acquis maidir le saorghluaiseacht oibrithe.

## 17. DEARBHÚ
## MAIDIR LEIS AN nGRÉASÁN TRASEORPACH
## A FHORBAIRT SA tSLÓIVÉIN

Meabhraíonn an tAontas a thábhachtaí atá an bonneagar iompair sa tSlóivéin chun gréasán traseorpach iompair a fhorbairt agus tabharfaidh sé aird chuí ar an bhfíoras sin nuair atá tionscadail leasa choitinn de réir Airteagal 155 de Chonradh CE á sainaithint aige.

## 18. DEARBHÚ
## MAIDIR LE SAORGHLUAISEACHT OIBRITHE: AN tSLÓVAIC

Cuireann an AE an bhéim ar eilimintí láidre na difreála agus na solúbthachta sna socruithe maidir le saorghluaiseacht oibrithe. Déanfaidh na Ballstáit a ndícheall rochtain mhéadaithe ar mhargadh an tsaothair a dheonú do náisiúnaigh Shlóvacacha faoin dlí náisiúnta d'fhonn an comhfhogasú don acquis a bhrostú. Dá thoradh sin, ba chóir go dtiocfadh feabhas substaintiúil ar na deiseanna fostaíochta san AE do náisiúnaigh Shlóvacacha amhail ó aontachas na Slóvaice. Ina theannta sin, bainfidh Ballstáit AE leas iomlán as an socrú arna bheartú chun gluaiseacht a luaithe is féidir go dtí lánchur i bhfeidhm an acquis maidir le saorghluaiseacht oibrithe.

## D. DEARBHUITHE COMHPHÁIRTEACHA Ó ROINNT DE NA BALLSTÁIT LÁITHREACHA

### 19. DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH Ó PHOBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE AGUS Ó PHOBLACHT NA hOSTAIRE MAIDIR LE SAORGHLUAISEACHT OIBRITHE: POBLACHT NA SEICE, AN EASTÓIN, AN UNGÁIR, AN LAITVIA, AN LIOTUÁIN, AN PHOLAINN, AN tSLÓIVÉIN AGUS AN tSLÓVAIC

An fhoclaíocht de phointe uimhir 13 de na bearta idirthréimhseacha maidir le saorghluaiseacht oibrithe faoi Threoir 96/71/CE in Iarscríbhinní V, VI, VIII, IX, X, XII, XIII agus XIV, tuigtear do Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus do Phoblacht na hOstaire i gcomhaontú leis an gCoimisiún go gciallaíonn sí go bhféadfaidh "réigiúin áirithe" an chríoch náisiúnta iomlán a chuimsiú freisin, nuair is iomchuí.

### 20. DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH Ó PHOBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE AGUS Ó PHOBLACHT NA hOSTAIRE MAIDIR LE FAIREACHÁN A DHÉANAMH AR AN tSÁBHÁILTEACHT NÚICLÉACH

Cuireann Poblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Poblacht na hOstaire i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé leanúint den phróiseas faireacháin maidir leis na moltaí a chur chun feidhme a bhaineann le feabhas a chur ar an tsábháilteacht núicléach sna tíortha aontachais, mar a ardaíodh an cheist ag an gComhairle um Ghnóthaí Ginearálta agus Caidreamh Eachtrach ar an 10 Nollaig 2002, go dtí go bhfuil toradh ar fáil.

## E. DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH GINEARÁLTA Ó NA BALLSTÁIT LÁITHREACHA

### 21. DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH GINEARÁLTA

Cuireann na Ballstáit láithreacha i bhfios go láidir nach féidir na Dearbhuithe atá i gceangal leis an Ionstraim Chríochnaitheach a léiriú ná a chur i bhfeidhm ar dhóigh atá bunoscionn le hoibleagáidí na mBallstát a eascraíonn ón gConradh agus ón Ionstraim Aontachais.

Tugann na Ballstáit láithreacha dá n-aire go ngéilleann an Coimisiún go hiomlán don mhéid thuas.

## F. DEARBHUITHE COMHPHÁIRTEACHA Ó ROINNT DE NA BALLSTÁIT NUA

### 22. DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH Ó PHOBLACHT NA SEICE, Ó PHOBLACHT NA hEASTÓINE, Ó PHOBLACHT NA LIOTUÁINE, Ó PHOBLACHT NA POLAINNE, Ó PHOBLACHT NA SLÓIVÉINE AGUS Ó PHOBLACHT NA SLÓVAICE MAIDIR LE hAIRTEAGAL 38 DEN IONSTRAIM AONTACHAIS

1. Tuigtear do Phoblacht na Seice, Poblacht na hEastóine, Poblacht na Liotuáine, Poblacht na Polainne, Poblacht na Slóivéine agus Poblacht na Slóvaice nach bhfolaíonn an coincheap "tar éis mainneachtain gealltanais arna nglacadh ar láimh i gcomhthéacs na gcaibidlí aontachais a chur chun feidhme" ach na hoibleagáidí a eascraíonn ó na Conarthaí bunaidh is infheidhme ar Phoblacht na Seice, Poblacht na hEastóine, Poblacht na Liotuáine, Poblacht na Polainne, Poblacht na Slóivéine agus Poblacht na Slóvaice, faoi na coinníollacha atá leagtha síos san Ionstraim Aontachais, agus na hoibleagáidí atá sainithe san Ionstraim seo.

   Dá bhrí sin, tuigtear do Phoblacht na Seice, Poblacht na hEastóine, Poblacht na Liotuáine, Poblacht na Polainne, Poblacht na Slóivéine agus Poblacht na Slóvaice nach smaoineoidh an Coimisiún ar Airteagal 38 a chur i bhfeidhm ach i gcásanna ina líomhnaítear go bhfuil na hoibleagáidí dá dtagraítear sa mhír sin roimhe seo á sárú.

2. Tuigtear do Phoblacht na Seice, Poblacht na hEastóine, Poblacht na Liotuáine, Poblacht na Polainne, Poblacht na Slóivéine agus Poblacht na Slóvaice go bhfuil Airteagal 38 gan dochar do dhlínse na Cúirte Breithiúnais mar atá sé sainithe in Airteagal 230 de Chonradh CE maidir le caingne arna dtionscnamh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 38.

3. Tuigtear do Phoblacht na Seice, Poblacht na hEastóine, Poblacht na Liotuáine, Poblacht na Polainne, Poblacht na Slóivéine agus Poblacht na Slóvaice go dtabharfaidh an Coimisiún, sula gcinneann sé na bearta dá bhforáiltear in Airteagal 38 a chur i bhfeidhm ina gcoinne, deis do Phoblacht na Seice, Poblacht na hEastóine, Poblacht na Liotuáine, Poblacht na Polainne, Poblacht na Slóivéine agus Poblacht na Slóvaice a dtuairim agus a seasamh a nochtadh i gcomhréir leis an Dearbhú ón Choimisiún na gComhphobal Eorpach maidir leis an gclásal um choimirce ghinearálta, leis an gclásal um choimirce i dtaca leis an margadh inmheánach agus leis an gclásal um choimirce i dtaca leis an gceartas agus gnóthaí baile, atá i gceangal leis an Ionstraim Chríochnaitheach seo.

# 23. DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH Ó PHOBLACHT NA hUNGÁIRE AGUS Ó PHOBLACHT NA SLÓIVÉINE MAIDIR LE hIARSCRÍBHINN X, CAIBIDIL 7, pointe 1(a)(ii) agus IARSCRÍBHINN XIII, CAIBIDIL 6, pointe 1(a)(i) A GHABHANN LEIS AN IONSTRAIM AONTACHAIS

An tréimhse idirthréimhseach dá dtagraítear in Airteagal 28(1) den Séú Treoir CBL, mura gcuirtear córas cinntitheach ina hionad faoi cheann lár 2007 agus mura bhfuil an togra maidir lena hionad a ghabháil ag céim gur féidir a hionad a ghabháil faoi cheann dheireadh 2007, iarrfaidh Poblacht na hUngáire agus Poblacht na Slóivéine go ndéanfaidh an Coimisiún tuarascáil don Chomhairle maidir le hoibriú an tsocraithe idirthréimhsigh dá bhforáiltear in Iarscríbhinn X, Caibidil 7, pointe 1(a)(ii) agus Iarscríbhinn XIII, Caibidil 6, pointe 1(a)(i) a ghabhann leis an Ionstraim Aontachais a ullmhú in am trátha. Tabharfaidh an tuarascáil sin aird ar oibriú cuí an mhargaidh inmheánaigh agus ar na hiarmhairtí codarsnacha is féidir bheith ann d'earnálacha na mbialann i bPoblacht na hUngáire agus i bPoblacht na Slóivéine, go háirithe caillteanais phost, méadú i líon na ndaoine atá fostaithe gan a bheith dearbhaithe agus leibhéal na méaduithe praghsanna do sheirbhísí bialainne don tomhaltóir deiridh.

## G. DEARBHUITHE Ó PHOBLACHT NA SEICE

### 24. DEARBHÚ
### Ó PHOBLACHT NA SEICE
### MAIDIR LE BEARTAS IOMPAIR

I gcomhréir le Seasamh Coiteann AE maidir leis an gCaibidil ar an mBeartas Iompair, féadfaidh na Ballstáit reatha agus na Ballstáit nua údaruithe cabatáiste a mhalartú go forchéimnitheach ar bhonn comhaontuithe déthaobhacha, lena n-áirítear an chaoi chun léirscaoileadh iomlán. I bhfianaise an méid sin thuas tá Poblacht na Seice ag súil dá bhrí sin go leanfar de na cainteanna déthaobhacha leis na Ballstáit sa bhliain 2003 chun go mbainfear amach socrú déthaobhach maidir le léirscaoileadh iomlán an chabatáiste a bhaint amach nó malartú údaruithe forchéimnitheacha cabatáiste más amhlaidh gur gá an idirthréimhse.

Tá áthas ar Phoblacht na Seice gur baineadh amach comhaontú frithpháirteach leis an nGearmáin maidir le hanailís ar struchtúr costas a oibriú amach a bhféadfaí ar a bhonn cuótaí déthaobhacha cabatáiste a bhunú ar a bhonn ón mbliain 2004 ar aghaidh.

## 25. DEARBHÚ
## Ó PHOBLACHT NA SEICE MAIDIR LE hOIBRITHE

Dearbhaíonn Poblacht na Seice go bhfuil sí ag súil go mbeidh na hintinní atá ag Ballstát láithreach rochtain oibrithe Seiceacha ar a mhargadh saothair a léirscaoileadh arna mbunú ar earnálacha agus gairmeacha leithleacha faoi réir comhairliúchán déthaobhacha idir an Ballstát i dtrácht agus Poblacht na Seice.

## 26. DEARBHÚ
## Ó PHOBLACHT NA SEICE MAIDIR LE hAIRTEAGAL 35 DE CHONRADH AE

Glacann Poblacht na Seice le dlínse Chúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach i gcomhréir leis na socruithe atá leagtha síos in Airteagal 35(2) agus (3)(b) den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Forchoimeádann Poblacht na Seice an ceart foráil a dhéanamh ina dlí náisiúnta nuair a ahéantar ceist maidir le bailíocht nó léiriú gníomh dá dtagraítear in Airteagal 35(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach a ardú i gcás atá ar feitheamh os comhair cúirte nó binse náisiúnta nach bhfuil aon leigheas breithiúnach ann faoin dlí náisiúnta in aghaidh a breitheanna nó a bhreitheanna go mbeidh de cheangal ar an gcúirt nó ar an mbinse sin an cheist a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais.

## H. DEARBHUITHE Ó PHOBLACHT NA hEASTÓINE

### 27. DEARBHÚ
### Ó PHOBLACHT NA hEASTÓINE
### MAIDIR LE CRUACH

Tá tionscal próiseála cruach na hEastóine ag céim dhinimiciúil forbartha.

Le linn na coigeartuithe riachtanacha ar na sriantaí cainníochtúla dá bhforáiltear sna comhaontuithe déthaobhacha cruach idir an Comhphobal agus Cónaidhm na Rúise, an Úcráin agus an Chasacstáin a bheith á gcaibidliú nó le linn aon socruithe eile a bheith á nglacadh chuige sin, ní mór aird a thabhairt ar na riachtanais allmhairíochta a leanann ón bhfairsingiú intuartha ar thionscal cruach na hEastóine sa gharthodhchaí. Cuireann an Eastóin i bhfios go láidir gur soláthraíodh a riachtanais allmhairíochta ionchasacha don Chomhdháil Aontachais.

## 28. DEARBHÚ
## Ó PHOBLACHT NA hEASTÓINE
## MAIDIR LE hIASCACH

Is feasach don Eastóin go ndéanfaidh an Eastóin bainistíocht an Chomhaontaithe idir Rialtas Phoblacht na hEastóine agus Rialtas Chónaidhm na Rúise maidir le comhar i dtaca le caomhnú agus bainistíocht stoc éisc i limistéar Peipsi, Lämmi agus Pihkva Lake a áirithiú i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún a mhéad nach bhfuil nó nach mbeidh reachtaíocht thánaisteach ag an gComhphobal maidir le hacmhainní iascaigh intíre a bhainisteoireacht.

## 29. DEARBHÚ
## Ó PHOBLACHT NA hEASTÓINE
## MAIDIR LE COIMISIÚN IASCAIGH AN ATLANTAIGH THOIR-THUAIDH (CIATT)

De réir an phrionsabail maidir le hinniúlacht eisiach an Chomhphobail, is é an Comhphobal a ionadóidh leasanna na hEastóine sa CIATT amhail ó dháta an aontachais. Sa chás nach bhfuil an Eastóin ina ball den CIATT faoi dháta an aontachais, tá an Eastóin ag brath ar iarracht an Chomhphobail "cuóta comhair an pháirtí neamhchonarthaigh" arna úsáid ag an Eastóin agus arna thaifeadadh ag CIATT a lánpháirtiú i scair an Chomhphobail.

30. DEARBHÚ
Ó PHOBLACHT NA hEASTÓINE
MAIDIR LE SÁBHÁILTEACHT BIA

I dtaca le le tríú tíortha, comhlíonfaidh an Eastóin go hiomlán ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 ag leagan síos phrionsabail agus cheanglais ghinearálta dhlí an bhia, ag bunú Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus ag leagan síos nósanna imeachta i dtaca le sábháilteacht bia.

## I. DEARBHUITHE Ó PHOBLACHT NA LAITVIA

### 31. DEARBHÚ Ó PHOBLACHT NA LAITVIA MAIDIR LE VÓTAÍ A UALÚ SA CHOMHAIRLE

Bhunaigh Dearbhú Uimh. 20 a ghabhann le Conradh Nice go gcionroinnfear ar Phoblacht na Laitvia ceithre vóta as 345 vóta san iomlán sa Chomhairle amhail ón 1 Eanáir 2005 ar an toimhde go bhfuil Aontas 27 Ballstát ann.

Agus aird á tabhairt ar a riachtanaí atá sé ionadaíocht leormhaith, inchomórtais agus chomhionann na mBallstát sa Chomhairle de réir líon a gcuid pobal a áirithiú, dearbhaíonn Poblacht na Laitvia go bhforchoimeádann sí an ceart an tsaincheist maidir le hualú vótaí sa Chomhairle a phlé sa chéad Chomhdháil Idir-Rialtasach eile.

## 32. DEARBHÚ
## Ó PHOBLACHT NA LAITVIA
## MAIDIR LE hIASCACH

I dtaca le Rialachán (CEE) Uimh. 3760/92 ag bunú an scair sin d'áraí iascaireachta an Chomhphobail atá le cionroinnt ar Bhallstáit le haghaidh stoc atá rialaithe ag teorainn ghabhála, tuigtear don Laitvia go dtagraíonn forálacha sonracha na hIonstraime seo a bhaineann le háraí iascaireachta atá le cionroinnt ar an Laitvia i Muir Bhailt don chóras bainistíochta atá ann laistigh den Choimisiún Idirnáisiúnta um Iascach i Muir Bhailt (CIIMB) mar atá sé arna ríomh don AE-15 agus don Eastóin, don Laitvia, don Liotuáin agus don Pholainn.

I dtaca leis na háraí iascaireachta laistigh de Choimisiún Iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh (CIATT), dearbhaíonn an Laitvia a cuid leasanna chun iascaireacht a dhéanamh sa limistéar sin bíodh is nach bhfuil aon taifead suntasach gabhála aici sa tréimhse is déanaí. Tá an Laitvia ag súil, mar pháirtí comhoibritheach sa CIATT, a urramaíonn na cinntí agus rialacháin uile arna leagan síos ag an gCoimisiún sin, go ndéanfar a leasanna a chur san áireamh go cuí nuair atá áraí iascaireachta á gcionroinnt ar an Laitvia agus ar na Ballstáit nua eile.

## 33. DEARBHÚ
## Ó PHOBLACHT NA LAITVIA
## MAIDIR LE hAIRTEAGAL 142a DE RIALACHÁN (CE) UIMH. 40/94
## ÓN gCOMHAIRLE AN 20 NOLLAIG 1993 MAIDIR LEIS AN
## TRÁDMHARC COMHPHOBAIL

Measann Poblacht na Laitvia nach mbeidh cur i bhfeidhm Airteagal 142a(5) de Rialachán (CE) Uimh. 40/94 ón gComhairle an 20 Nollaig 1993 maidir leis an trádmharc Comhphobail ina bhac ar úsáid trádmharc Comhphobail a thoirmeasc ar chríoch Phoblacht na Laitvia de bhun Airteagal 106(2) den Rialachán.

## J. DEARBHÚ Ó PHOBLACHT NA LIOTUÁINE

### 34. DEARBHÚ
### Ó PHOBLACHT NA LIOTUÁINE
### MAIDIR LE GNÍOMHAÍOCHTAÍ IASCAIREACHTA NA LIOTUÁINE
### SA LIMISTÉAR RIALAITHEACH DE CHOIMISIÚN IASCAIGH
### AN ATLANTAIGH THOIR THUAIDH (CIATT)

Dearbhaíonn an Liotuáin go bhfuil spéis aici leanúint den iascach traidisiúnta sa Limistéar Rialaitheach de Choimisiún Iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh tar éis aontú don Aontas Eorpach. Tá an Liotuáin ag brath ar thacaíocht ón AE chun aontú don CIATT. Tá an Liotuáin ag súil, tar éis aontú don AE, go leanfar de ghníomhaíochtaí iascaireachta na Liotuáine i Limistéar Rialaitheach CIATT agus go ndéanfar cuótaí leormhaithe a chionroinnt sa Limistéar sin ar aon dul le prionsabal na cobhsaíochta coibhneasta.

## K. DEARBHUITHE Ó PHOBLACHT MHÁLTA

### 35. DEARBHÚ
### Ó PHOBLACHT MHÁLTA
### MAIDIR LEIS AN NEODRACHT

Deimhníonn Málta a ghealltanas i leith chomhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais Eorpaigh mar atá sé leagtha amach sa Chonradh ar an Aontas Eorpach.

Daingníonn Málta go bhfuil a rannpháirteachas i gcomhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais Eorpaigh gan dochar dá neodracht. Sonraíonn an Conradh ar an Aontas Eorpach gur ghá don Chomhairle Eorpach aon chinneadh ón Aontas gluaiseacht chuig comhchosaint a ghlacadh d'aon toil arna ghlacadh ag na Ballstáit i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach.

36. DEARBHÚ
Ó PHOBLACHT MHÁLTA
MAIDIR LE RÉIGIÚN OILEÁIN GOZO

Tá Rialtas Mhálta,

Ag tabhairt dá aire go bhfuil ag réigiún oileáin Gozo sonraíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta chomh maith le ciseanna a leanann ó éifeacht chomhcheangailte a oileánachais dhúbailte, a leochaileacha comhshaoil, a dhaonra bhig mar aon lena ard-dlús daonra agus a chuid acmhainní teoranta dúchasacha,

Ag tabhairt dá haire gur ísle go mór Olltáirgeacht Intíre réigiún oileáin Gozo per capita ná Olltáirgeacht Intíre Mhálta ina hiomláine,

Ag tabhairt dá aire go bhfuil beartais eacnamaíocha agus sóisialta sonracha á saothrú aige i dtaca le réigiún oileáin Gozo arb é is cuspóir dóibh na buanchiseanna struchtúracha atá ag goilliúint air a shárú,

Ag aithint, ar Mhálta a aontú don Aontas Eorpach, de thoradh an chomhaontaithe maidir le hincháilitheacht Mhálta do Chuspóirí na gCistí Struchtúracha agus do chabhair ón gCiste Comhtháthaithe, agus freisin de thoradh na gcomhaontuithe maidir leis an ráta nialais CBL d'iompar idiroileáin paisinéirí agus maidir leis an idirthréimhse d'iompar idiroileáin earraí talmhaíochta, go mbeidh Gozo ag tairbhiú de bhearta a thugann aghaidh go sonrach ar a chuid ciseanna struchtúracha chomh maith le bheith rannpháirteach i mbearta a bhfuil leas eacnamaíoch agus sóisialta níos ginearálta acu,

Ag aithint freisin go bhféadfaidh sé nach ndéanfaidh an rangú NUTS 3 arna dheonú do réigiún oileáin Gozo cur chun feidhme ghealltanas dearbhaithe an Aontais Eorpaigh bearta a ghlacadh ar mhaithe leis na réigiúin mhídheisiúla a áirithiú as féin,

Tar éis a dhearbhú go n-iarrfaidh Málta, roimh dheireadh gach tréimhse buiséadach Comhphobail a bheireann athshainiú ar bheartas réigiúnach an Chomhphobail, go dtabharfaidh an Coimisiún tuarascáil don Chomhairle maidir le staid eacnamaíoch agus sóisialta Gozo agus, go háirithe, maidir leis na héagothromaíochtaí sna leibhéil forbartha eacnamaíche agus sóisialta idir Gozo agus Málta. D'iarrfaí ar an gCoimisiún bearta iomchuí a mholadh, mar is gá, faoi chuimsiú bheartas réigiúnach an Chomhphobail nó bheartais Chomhphobail ábhartha eile, d'fhonn a áirithiú go leanfar de na héagothromaíochtaí idir Gozo agus Málta a laghdú mar aon le Gozo a lánpháirtiú tuilleadh sa mhargadh inmheánach maidir le dálaí córa.  Má tharlaíonn ach go háirithe nach mbeadh Málta ina hiomláine cáilithe a thuilleadh do bhearta áirithe den bheartas réigiúnach, dhéanfadh an tuarascáil measúnú i dtaobh an bhfuil call, i bhfianaise staid eacnamaíoch Gozo, le go leanfadh incháilitheacht Gozo do na bearta sin, agus cad iad na coinníollacha faoina bhfuil, le linn na tréimhse tagartha.

## 37. DEARBHÚ
## Ó PHOBLACHT MHÁLTA
## MAIDIR LE RÁTÁIL NIALAIS CBL A CHOIMEÁD AR BUN

Má ghlacann Málta le hidirthréimhse go dtí 1 Eanáir 2010 chun a ráta 0% CBL a choimeád ar bun in ionad an ráta chaighdeánaigh ar sholáthairtí earraí bia agus cógaisíochta, tá sé bunaithe ar an réamhleagan go rachadh an idirthréimhse dá dtagraítear in Airteagal 28(1) den Séú Treoir CBL in éag ar an lá sin.

## L. DEARBHUITHE Ó PHOBLACHT NA POLAINNE

### 38. DEARBHÚ
### Ó PHOBLACHT NA POLAINNE
### MAIDIR LE hIOMAÍOCHAS I dTÁIRGEADH
### TORTHAÍ ÁIRITHE SA PHOLAINN

Tugann an Pholainn dá haire gur féidir go mbeidh de thoradh ar chomhtharaif chustaim an AE a fholú ar an bPolainn iarmhairt chodarsnach láithreach ar iomaíochas táirgeoirí Polannacha torthaí boga, silíní géara agus úll. Má thagann deacrachtaí chun cinn tar éis an aontachais atá tromchúiseach agus ar dóigh dóibh maireachtáil sna hearnálacha sin, iarrfaidh an Pholainn an clásal ginearálta um choimirce a chur i bhfeidhm go práinneach agus iarrfaidh sí go nglacfar ionstraimí chun gur féidir suaití iomaíochais in earnáil na dtorthaí boga, na silíní géara agus na n-úll a dhíchur go buan.

## 39. DEARBHÚ
## Ó RIALTAS PHOBLACHT NA POLAINNE
## MAIDIR LEIS AN MORÁLTACHT PHOIBLÍ

Tuigtear do Rialtas Phoblacht na Polainne nach bhfuil aon ní i bhforálacha an Chonartha ar an Aontas Eorpach, na gConarthaí ag bunú na gComhphobal Eorpach agus i bhforálacha na gconarthaí ag leasú nó ag forlíonadh na gconarthaí sin a chuireann cosc ar an Stát Polannach ceisteanna lena ngabhann tábhacht mhorálta a rialáil maille le ceisteanna a bhaineann le cosaint na beatha daonna.

## 40. DEARBHÚ
## Ó RIALTAS PHOBLACHT NA POLAINNE
## MAIDIR LE LÉIRIÚ AR AN MAOLÚ Ó NA CEANGLAIS ATÁ LEAGTHA SÍOS
## I dTREOIR 2001/82/CE AGUS I dTREOIR 2001/83/CE

Measann an Pholainn gur féidir na táirgí cógaisíochta ar an liosta i bhFoscríbhinn A a ghabhann le hIarscríbhinn XII den Ionstraim seo le húdaruithe margaíochta a mhargú sa Pholainn.

## M. DEARBHUITHE Ó PHOBLACHT NA SLÓIVÉINE

### 41. DEARBHÚ
### Ó PHOBLACHA NA SLÓIVÉINE
### MAIDIR LE ROINNT RÉIGIÚNACH THODHCHAÍ
### PHOBLACHT NA SLÓIVÉINE

Cuireann Poblacht na Slóivéine i bhfios go láidir a tábhachtaí atá an fhorbairt réigiúnach chothrom dar léi agus an riachtanas atá leis na héagothromaíochtaí socheacnamaíocha idir a cuid réigiún a laghdú.

Tugann Poblacht na Slóivéine dá haire gur ag Poblacht na Slóivéine go heisiach atá an inniúlacht le haghaidh cinntí maidir lena roinnt réigiúnach. Eisceacht air sin is ea roinnt réigiúnach na Slóivéine ar mhaithe le rangú réigiúnach coiteann na n-aonad críochach (NUTS).

I gcomhthéacs na caibidlíochta ar an aontachas socraíodh go sealadach an tsaincheist maidir le roinnt réigiúnach na Slóivéine ag leibéal NUTS 2 ag an naoú cruinniú déag den Chomhdháil ag leibéal cúnta ar an 29 Iúil 2002, faoi na téarmaí atá leagtha amach i gConclúidí na Comhdhála. Daingníodh na Conclúidí sin ag an gcruinniú Aireachta den Chomhdháil Aontachais ar an 1 Deireadh Fómhair 2002.

Rinneadh dearbhú ó Phoblacht na Slóivéine nach ndearna aon Bhallstát agóid ina choinne tráth ar bith a chur isteach i gConclúidí na Comhdhála agus seo mar atá an sliocht ábhartha de:

"Tá áthas ar an tSlóivéin a thabhairt dá haire gur thug an AE dá aire go measfar críoch iomlán na Slóivéine mar aon réigiún aonair ag leibhéal NUTS 2 don tréimhse go dtí deireadh 2006, go bhfuil sé d'intinn ag an tSlóivéin aon Doiciméad Aonair um Chlárú a fholaíonn críoch iomlán na Slóivéine don tréimhse um chlárú go dtí deireadh 2006 a chur chun feidhme, agus go leanfaidh an tSlóivéin leis na pléití leis an gCoimisiún ar an roinnt chríochach chun forbairt réigiúnach chothrom a áirithiú chun an rangú NUTS a athbhreithniú, agus í faoin am sin ina Ballstát, ag deireadh 2006 ar a dhéanaí.

Má ghlactar an togra um Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rangú coiteann d'Aonaid Chríochacha ar mhaithe le staidreamh (NUTS) a bhunú agus má thagann sé i bhfeidhm roimh aontachas na Slóivéine, déanfaidh an tSlóivéin caibidlíocht más gá maidir lena chur i bhfeidhm ar roinnt chríochach na Slóivéine.

Ar an mbonn sin is féidir leis an tSlóivéin glacadh leis an togra ón AE agus comhaontú ag an gcéim seo nach gá tuilleadh caibidlíochta ar an gcaibidil seo."

42. DEARBHÚ

Ó PHOBLACHT NA SLÓIVÉINE

MAIDIR LE BEACH DHÚCHASACH NA SLÓIVÉINE *Apis mellifera Carnica*

(kranjska čebela)

Ós rud é go bhfuil an fospeiceas Slóivéineach den bheach mheala *Apis mellifera Carnica* (dá ngairtear freisin *"kranjska čebela", "Carniolan bee", "Krainer Biene", "Carnica",* agus *"Kärntner Biene"*) ina dhaonra ainmhí dúchasach i bPoblacht na Slóivéine,

Ag féachaint do na céadta bliain d'iarrachtaí leanúnacha chun an bheach dhúchasach a choimeád ar marthain agus a roghnú ar chríoch na Slóivéine láithrí, arb é is aidhm dóibh freisin a caomhnú mar ábhar géiniteach dúchasach agus arb é is toradh orthu daonra beach meala a bheith ann atá cobhsaithe go géiniteach agus atá ar cothrom,

Ag féachaint don sár-riachtanas an daonra dúchasach beach meala seo gona saintréithe suntasacha a chaomhnú agus rannchuidiú amhlaidh leis an mbithéagsúlacht a choimeád ar bun,

Dearbhaíonn Poblacht na Slóivéine go bhfuil sé d'intinnn aici leanúint de gach beart iomchuí is gá a chur i bhfeidhm chun caomhnú an *Apis mellifera Carnica* dúchasach ar chríocha Phoblacht na Slóivéine a áirithiú.

Meabhraíonn Poblacht na Slóivéine gur ardaigh sí an tsaincheist seo sa chaibidlíocht ar an aontachas agus gur chuir an tAontas Eorpach i bhfios go láidir gur féidir bearta náisiúnta a ghlacadh ar bhonn Airteagal 30 den Chonradh, faoi réir phrionsabal na comhréireachta, agus nár ghá an tsaincheist a áireamh sa chaibidlíocht.

## N. DEARBHUITHE
## Ó CHOIMISIÚN NA gCOMHPHOBAL EORPACH

Thug na hArdpháirtithe Conarthacha na dearbhuithe seo a leanas ó Choimisiún na gComhphobal Eorpach dá n-aire.

### 43. DEARBHÚ
### Ó CHOIMISIÚN NA gCOMHPHOBAL EORPACH MAIDIR LEIS AN gCLÁSAL UM CHOIMIRCE GHINEARÁLTA EACNAMAÍOCH, LEIS AN gCLÁSAL UM CHOIMIRCE I dTACA LEIS AN MARGADH INMHEÁNACH AGUS LEIS AN gCLÁSAL UM CHOIMIRCE I dTACA LEIS AN gCEARTAS AGUS GNÓTHAÍ BAILE

Sula gcinneann sé ar cheart na clásail um choimirce i dtaca leis an margadh inmheánach agus leis an gceartas agus gnóthaí baile a chur i bhfeidhm, éistfidh Coimisiún na gComhphobal Eorpach le tuairim(í) agus seasa(i)mh an Bhallstáit/na mBallstát a ndéanfaidh bearta den sórt sin difear go díreach dó(ibh) agus tabharfaidh sé aird chuí ar na tuairimí agus na seasaimh sin.

Folaíonn an clásal um choimirce eacnamaíoch ghinearálta an talmhaíocht freisin. Cuirtear ar obair é nuair a thagann deacrachtaí chun cinn in earnálacha talmhaíochta sonracha, atá tromchúiseach agus ar dóigh dóibh maireachtáil, nó a d'fhéadfadh trochlú tromchúiseach a thionscnamh sa staid eacnamaíoch i réimse ar leith. Agus aird á tabhairt ar na fadhbanna sonracha in earnáil na talmhaíochta sa Pholainn, féadfar a áireamh ar na bearta arna nglacadh ag an gCoimisiún chun suaití sa mhargadh a chosc faoin gclásal um choimirce eacnamaíoch ghinearálta córais faireacháin ar na srutháin trádála idir an Pholainn agus Ballstáit eile.

## 44. DEARBHÚ
## Ó CHOIMISIÚN NA gCOMHPHOBAL EORPACH
## MAIDIR LE CONCLÚIDÍ
## NA CHOMHDHÁLA AONTACHAIS LEIS AN LAITVIA

Talamh tréigthe a chóireáil, mar shampla chun talamh a thabhairt ar ais go dálaí comhshaoil traidisiúnta agus/nó chun tírdhreacha iata a chosc, is féidir tacú lena leithéid mar bheart faoi Airteagal 33 de Rialachán (CE) Uimh. 1257/1999 sa Doiciméad um Chlárú Aonair faoi Chuspóir I.

Tugann Airteagal 33 caíonna éagsúla eile sa chomhthéacs seo; mar shampla, faoin ochtú fleasc chun acmhainní uisce talmhaíochta a bhainistiú, ach go háirithe faoin aonú fleasc déag, a deir gur féidir tacaíocht a thabhairt chun an comhshaol a chosaint i ndáil le talmhaíocht, foraoiseacht agus caomhnú an tírdhreacha chomh maith le leas ainmhithe a fheabhsú. D'fhéadfadh an tacaíocht sin bheith i gcruth íocaíochta aonair ar mhaithe le talamh tréigthe a chóireáil ar dhóigh atá neamhdhíobhálach don chomhshaol.

Níor chóir go mbeadh le háireamh mar aidhm shonrach sa bheart arna mholadh an talamh a thabhairt ar ais sa táirgeacht talmhaíochta atá folaithe ag Comheagraíochtaí na Margaí ná sa chur i leataobh. Ar a shon sin, talamh a bhfuil feirmeoirí ina n-úinéirí air agus a ndéantar é a chóireáil mar atá tuairiscithe thuas, d'fhéadfadh na feirmeoirí sin é a úsáid i gcomhcheangal leis an talamh feirme atá acu, chun a gcuid modhanna táirgeachta talmhaíochta reatha a mhodhnú ar bhealaí atá ceaptha chun an comhshaol a chosaint agus an tuath a chothabháil. Sa chás sin, is féidir tuilleadh tacaíochta a thabhairt faoin mbeart talamh-chomhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 22 de Rialachán (CE) Uimh. 1257/1999.

## IV. MALARTÚ LITREACHA

Thug na Lánchumhachtaigh dá n-aire freisin an Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Seice, Poblacht na hEastóine, Poblacht na Cipire, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Liotuáine, Poblacht na hUngáire, Poblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Poblacht na Slóivéine agus Poblacht na Slóvaice, maidir le nós imeachta faisnéise agus comhairliúcháin chun cinntí áirithe agus bearta eile a ghlacadh le linn na tréimhse roimh aontachas agus atá i gceangal leis an Ionstraim Chríochnaitheach.

Malartú litreacha
idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Seice,
Poblacht na hEastóine, Poblacht na Cipire, Poblacht na Laitvia,
Poblacht na Liotuáine, Poblacht na hUngáire,
Poblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne,
Poblacht na Slóivéine agus Poblacht na Slóvaice,
maidir le nós imeachta faisnéise agus comhairliúcháin
chun cinntí áirithe agus bearta eile a ghlacadh
le linn na tréimhse roimh aontachas

Litir Uimh.1

A Chara,

Tá sé d'onóir agam tagairt don cheist maidir le nós imeachta faisnéise agus comhairliúcháin chun cinntí áirithe agus bearta eile a ghlacadh le linn na tréimhse roimh aontachas do thíre leis an Aontas Eorpach a tógadh faoi chuimsiú chaibidlíocht an aontachais.

Deimhním leis seo go dtig leis an Aontas Eorpach nós imeachta den sórt sin a chomhaontú, sna téarmaí atá leagtha amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an litir seo, a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm amhail ón dáta a ndearbhaíonn an Chomhdháil chaibidlíochta go bhfuil caibidlíocht an mhéadaithe tugtha i gcrích faoi dheireadh.

Bheinn faoi chomaoin agat ach a dheimhniú go bhfuil do Rialtas i gcomhaontú le hinneachar na litreach seo.

Is mise le mórmheas,

<u>Litir Uimh. 2</u>

A Chara,

Is mian liom a chur in iúl duit go bhfuarthas do litir dar dáta an lá inniu atá mar a leanas:

> "Tá sé d'onóir agam tagairt don cheist maidir le nós imeachta faisnéise agus comhairliúcháin chun cinntí áirithe agus bearta eile a ghlacadh le linn na tréimhse roimh aontachas do thíre leis an Aontas Eorpach a tógadh faoi chuimsiú chaibidlíocht an aontachais.
>
> Deimhním leis seo go dtig leis an Aontas Eorpach nós imeachta den sórt sin a chomhaontú, sna téarmaí atá leagtha amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an litir seo, a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm amhail ón dáta a ndearbhaíonn an Chomhdháil chaibidlíochta go bhfuil caibidlíocht an mhéadaithe tugtha i gcrích faoi dheireadh.
>
> Bheinn faoi chomaoin agat ach a dheimhniú go bhfuil do Rialtas i gcomhaontú le hinneachar na litreach seo".

Tá sé d'onóir agam a dheimhniú go bhfuil mo Rialtas i gcomhaontú le hinneachar na litreach seo.

Is mise le mórmheas,

Iarscríbhinn

Nós imeachta faisnéise agus comhairliúcháin
chun cinntí áirithe agus bearta eile a ghlacadh
le linn na tréimhse roimh an aontachas.

I.

1. D'fhonn a áirithiú go mbeidh faisnéis leormhaith ar fáil ag Poblacht na Seice, Poblacht na hEastóine, Poblacht na Cipire, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Liotuáine, Poblacht na hUngáire, Poblacht Mhálta, Poblacht na Polainne, Poblacht na Slóivéine agus Poblacht na Slóvaice, dá ngairtear na "Stáit aontacha" anseo feasta, cuirfear na Stáit aontacha ar an eolas faoi aon togra, cumarsáid, moladh nó tionscnamh a bhféadfadh cinntí ó institiúidí nó comhlachtaí an Aontais Eorpaigh a theacht as, tar éis é a sheoladh chuig an gComhairle.

2. Cuirfear an comhairliúchán ar siúl de bhun iarratas réasúnaithe ó Stát aontach ina leagfar amach go sainráite a leasanna mar chomhalta todhchaí de na Comhphobail agus ina gcuirfidh sé a bharúlacha in iúl.

3. De ghnáth, ní bheidh cinntí riarthacha ina siocair le comhairliúchán.

4. Cuirfear an comhairliúchán ar siúl i gCoiste Idirthréimhseach ar a mbeidh ionadaithe ón Aontas agus ó na Stáit aontacha.

5. Ar thaobh an Aontais, is iad a bheidh ina gcomhaltaí den Choiste Eatramhach, comhaltaí de Choiste na mBuanionadaithe nó daoine a bheidh ainmnithe acu chuige sin. Iarrfar ar an gCoimisiún a bheith ionadaithe san obair sin.

6. Beidh rúnaíocht de chúnamh ag an gCoiste Eatramhach, arb éard é rúnaíocht na Comhdhála, arna coimeád ar bun chuige sin.

7. Cuirfear an comhairliúchán ar siúl de ghnáth a luaithe a bheidh an réamhobair arna seoladh ar leibhéal an Aontais d'fhonn go nglacfadh an Chomhairle cinntí tar éis treoirlínte comhchoiteanna a sholáthar chun gur féidir an comhairliúchán sin a shocrú go fóinteach.

8. Má tá deacrachtaí tromchúiseacha ann fós i ndiaidh an chomhairliúcháin, féadfar an cheist a thógáil ar leibhéal aireachta arna iarraidh sin do Stát aontach.

9. Beidh feidhm ag na forálacha sin thuas, *mutatis mutandis*, maidir le cinntí Bhord Gobharnóirí an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta.

10. Beidh feidhm ag an nós imeachta atá leagtha síos sna míreanna roimhe seo freisin maidir le haon chinneadh a ghlacfaidh na Stáit Aontacha agus a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do na ceangaltais a leanann óna stádas mar chomhaltaí todhchaí den Aontas.

II.

1. Beidh feidhm an nós imeachta dá bhforáiltear faoi I *mutatis mutandis* maidir le dréacht-chomhstraitéisí de réir bhrí Airteagal 13 de CAE, dréachtghníomhaíochtaí comhpháirteacha ón gComhairle de réir bhrí Airteagal 13 de CAE, agus dréacht-chomhsheasaimh de réir bhrí Airteagal 15 den CAE, faoi réir na bhforálacha seo a leanas.

2. Is ar an Uachtaránacht atá an cúram aird na Stát aontach a tharraingt ar na dréachtaí sin nuair a dhéanann Ballstát an togra nó scéala a eisiúint.

3. Amach ó agóid réasúnaithe ó Stát aontach, féadfar an comhairliúchán a chur ar siúl i bhfoirm teachtaireachtaí a mhalartú trí mheáin leictreonacha.

4. Má chuirtear an comhairliúchán ar siúl sa Choiste Eatramhach, féadfaidh Comhaltaí an Choiste sin arb ionadaithe den Aontas iad bheith ina gComhaltaí den Choiste Polaitiúil agus Slándála, más iomchuí.

III.

1. Beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear faoi I *mutatis mutandis* maidir le dréachtchinntí ón gComhairle, cinntí réime agus cinntí de réir bhrí Airteagal 34 den CAE agus freisin le tarraingt suas coinbhinsiún dá bhforáiltear faoin Airteagal sin, faoi réir na bhforálacha seo a leanas.

2. Is ar an Uachtaránacht atá an cúram aird na Stát aontach a tharraingt ar na dréachtaí sin nuair a dhéanann Ballstát an togra nó scéala a eisiúint.

3. Má chuirtear an comhairliúchán ar siúl sa Choiste Eatramhach, féadfaidh Comhaltaí an Choiste sin arb ionadaithe den Aontas iad bheith ina gComhaltaí den Choiste dá dtagraítear in Airteagal 36 de CAE, más iomchuí.

IV.

Glacfaidh Poblacht na Seice, Poblacht na hEastóine, Poblacht na Cipire, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Liotuáine, Poblacht na hUngáire, Poblacht Mhálta, Poblacht na Polainne, Poblacht na Slóivéine agus Poblacht na Slóvaice na bearta is gá chun a áirithiú go gcomhtharlaíonn a mhéad is féidir a n-aontachas leis na comhaontuithe agus coinbhinsiúin dá dtagraítear in Airteagal 3(4), sa dara habairt d'Airteagal 5(1), in Airteagal 5(2), sa chéad fhomhír d'Airteagal 6(2) agus in Airteagal 6(5) den Ionstraim i dtaobh coinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí, agus faoi na coinníollacha atá leagtha síos san Ionstraim sin, le teacht i bhfeidhm an Chonartha Aontachais.

A mhéad nach bhfuil sna comhaontuithe nó coinbhinsiúin dá dtagraítear in Airteagal 3, sa dara habairt d'Airteagal 4(1) agus in Airteagal 4(2) ach dréachtaí, nach bhfuil siad sínithe fós agus gur dócha nach féidir iad a shíniú níos mó sa tréimhse roimh an aontachas, iarrfar ar na Stáit aontacha, i ndiaidh an Conradh Aontachais a shíniú agus i gcomhréir le nósanna imeachta iomchuí, a bheith comhlachaithe in ullmhú na ndréachtaí sin de mheon dearfach agus ar dhóigh a éascóidh a dtabhairt i gcrích.

V.

Maidir le Prótacail idirthréimhse agus oiriúnaithe a chaibidliú leis na tíortha comhchonarthacha dá dtagraítear in Airteagal 5(2) den Ionstraim i dtaobh na gcoinníollacha aontachais, beidh ionadaithe na Stát aontach comhlachaithe san obair mar bhreathnadóirí in éineacht le hionadaithe na mBallstát láithreach.

Féadfaidh comhaontuithe áirithe neamhfhabhair arna dtabhairt i gcrích ag an gComhphobal, a fhanfaidh i bhfeidhm tar éis dháta an aontachais, bheith ina n-ábhair oiriúnuithe nó coigeartuithe chun aird a thabhairt ar mhéadú an Aontais. Déanfaidh an Comhphobal na hoiriúnuithe nó coigeartuithe sin a chaibidliú i gcomhlachas le hionadaithe na mBallstát aontach i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear sa mhír roimhe seo.

VI.

Tarraingeoidh na hinstitiúidí suas i dtráth cuí na téacsanna dá dtagraítear in Airteagal 45 den Ionstraim i dtaobh na gcoinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí.